2024/2475

16.9.2024

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/2475 ÓN gCOIMISIÚN

an 12 Meán Fómhair 2024

lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2447 maidir le bearta éigeandála i ndáil le ráigeanna den fhliú éanúil ardphataigineach i mBallstáit áirithe

(tugadh fógra faoi leis an doiciméad C(2024) 6551)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ('Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe') ([1]), agus go háirithe Airteagal 259(1), pointe (c), de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is galar víreasach tógálach in éin é an fliú éanúil ardphataigineach (HPAI) agus d'fhéadfadh tionchar tromchúiseach a bheith aige ar bhrabúsacht na feirmeoireachta éanlaithe clóis, rud a chuirfeadh isteach ar thrádáil laistigh den Aontas agus ar onnmhairí chuig tríú tíortha. Is féidir le víris HPAI éin imirceacha a ionfhabhtú, rud a fhágann gur féidir leo na víris sin a leathadh thar achair fhada le linn a n-imircí san fhómhar agus san earrach. Dá bhrí sin, is bagairt leanúnach é víris HPAI a bheith in éin fhiáine maidir le tabhairt isteach na víreas sin go díreach agus go hindíreach i ngabháltais ina gcoimeádtar éanlaith chlóis nó éin i mbraighdeanas. I gcás ráig de HPAI, tá baol ann go bhféadfaidh an t-oibreán galair leathadh go gabháltais eile ina gcoimeádtar éanlaith chlóis nó éin i mbraighdeanas.

(2) Le Rialachán (AE) 2016/429 bunaítear an creat reachtach chun galair a chosc agus a rialú, ar galair iad atá in-tarchurtha go hainmhithe nó go daoine. Tagann HPAI faoin sainmhíniú ar ghalar liostaithe sa Rialachán sin, agus tá sé faoi réir na rialacha coisctheacha agus rialaithe galar a leagtar síos ann. Ina theannta sin, le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 ón gCoimisiún ([2]) déantar forlíonadh ar Rialachán (AE) 2016/429 a mhéid a bhaineann leis na rialacha maidir le galair liostaithe áirithe a chosc agus a rialú, lena n-áirítear bearta rialaithe galar le haghaidh HPAI.

(3) Glacadh Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2447 ([3]) ón gCoimisiún faoi chuimsiú Rialachán (AE) 2016/429 agus leagtar síos leis bearta éigeandála ar leibhéal an Aontais i ndáil le ráigeanna HPAI.

(4) Go háirithe, le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2447 déantar foráil maidir leis na criosanna cosanta agus faireachais agus na criosanna srianta breise arna mbunú ag na Ballstáit lena mbaineann tar éis ráigeanna HPAI, i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687, go gcuimseoidh siad ar a laghad na limistéir a liostaítear mar chriosanna cosanta agus faireachais agus criosanna srianta breise san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme sin.

(5) Leasaíodh an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2447 le déanaí le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2214 ón gCoimisiún ([4]) tar éis ráig HPAI in éanlaith chlóis sa Pholainn, ráig ar ghá é a léiriú san Iarscríbhinn sin.

([1]) IO L 84, 31.3.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/429/oj.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le rialacha i dtaca le galair liostaithe áirithe a chosc agus a rialú (IO L 174, 3.6.2020, lch. 64, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2020/687/oj).

([3]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2447 ón gCoimisiún an 24 Deireadh Fómhair 2023 maidir le bearta éigeandála i ndáil le ráigeanna den fhliú éanúil ardphataigineach i mBallstáit áirithe (IO L 2023/2447, 30.10.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2023/2447/oj).

([4]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2214 ón gCoimisiún an 30 Lúnasa 2024 lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2447 maidir le bearta éigeandála i ndáil le ráigeanna den fhliú éanúil ardphataigineach i mBallstáit áirithe (IO L, 2024/2214, 2.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2024/2214/oj

(6) Ó bhí dáta glactha Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2214 ann, thug an Fhrainc fógra don Choimisiún faoi ráig HPAI, i mbunaíocht inar coimeádadh éanlaith chlóis, ar bunaíocht í atá lonnaithe i roinn Finistère.

(7) An Fhrainc na bearta rialaithe galar is gá i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687, lena n-áirítear bunú criosanna cosanta agus faireachais timpeall ar an ráig sin.

(8) Tá scrúdú déanta ag an gCoimisiún ar na bearta rialaithe galar a rinne an Fhrainc, agus tá sé sásta maidir le teorainneacha na gcriosanna cosanta agus faireachais arna mbunú ag an Fhrainc, go bhfuil siad fada go leor ó na bunaíochtaí inar deimhníodh an ráig de HPAI.

(9) Chun aon suaitheadh nach bhfuil gá leis ar thrádáil laistigh den Aontas a chosc agus chun nach bhforchuirfidh tríú tíortha bacainní gan údar ar thrádáil, is gá tuairisc a thabhairt go mear ar leibhéal an Aontais, i gcomhar leis an bhFrainc, ar na criosanna cosanta agus faireachais arna mbunú go cuí ag an mBallstát sin i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687.

(10) Dá bhrí sin, na limistéir a liostaítear mar chriosanna cosanta agus faireachais le haghaidh na Fraince san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2447, ba cheart iad a leasú.

(11) Dá réir sin, ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2447 a leasú chun an réigiúnú a thabhairt cothrom le dáta ar leibhéal an Aontais chun aird a thabhairt ar na criosanna cosanta agus faireachais arna mbunú go cuí ag an bhFrainc i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687, agus fad na mbeart is infheidhme sna criosanna sin.

(12) Ina theannta sin, tá feidhm ag Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2447 go dtí an 30 Meán Fómhair 2024. Mar sin féin, mairfidh fad na srianta is infheidhme sa chrios faireachais arna bhunú ag an bhFrainc i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 níos faide ná an 30 Meán Fómhair 2024.

(13) Thairis sin, de bharr na dtorthaí leanúnacha maidir le víris HPAI in éin fhiáine san Aontas, agus go háirithe na rioscaí a bhaineann le leathadh an ghalair sin ag éin fhiáine imirceacha le linn na séasúr imirce atá ar na bacáin, tá riosca méadaitheach ann go mbeidh ráigeanna eile ann in éanlaith chlóis agus in éin i mbraighdeanas.

(14) Dá bhrí sin, is iomchuí síneadh a chur le tréimhse chur i bhfeidhm Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2447 go dtí an 30 Meán Fómhair 2025, chun séasúir bhliantúla imirce na n-éan fiáin imirceach a chumhdach. Leis an síneadh sin, cuirtear san áireamh freisin na forbairtí reatha sa staid eipidéimeolaíoch san Aontas a mhéid a bhaineann le HPAI agus na rioscaí comhfhreagracha do shláinte ainmhithe mar thoradh ar ráigeanna eile den ghalar sin a d'fhéadfadh a bheith ann.

(15) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2447 a leasú dá réir.

(16) I bhfianaise phráinn na staide eipidéimeolaíche san Aontas a mhéid a bhaineann le leathadh HPAI, tá sé tábhachtach go dtiocfaidh na leasuithe atá le déanamh ar Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2447 leis an gCinneadh seo i bhfeidhm a luaithe is féidir.

(17) Na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo, is bearta iad atá i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2447 mar a leanas:

1. in Airteagal 5, cuirtear an dáta '30 Meán Fómhair 2025' in ionad an dáta '30 Meán Fómhair 2024';

2. Cuirtear an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad na hIarscríbhinne.

Airteagal 2

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 12 Meán Fómhair 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
Stella KYRIAKIDES
Comhalta den Choimisiún

IARSCRÍBHINN

Cuid A

Criosanna cosanta sna Ballstáit lena mbaineann* dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe (a), agus Airteagal 2:

An Ballstát: an Fhrainc

Uimhir thagartha ADIS na ráige	Limistéar arb é atá ann:	An dáta a bheidh sé infheidhme go dtí, i gcomhréir le hAirteagal 39 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687
Départements Morbihan et Loire Atlantique:		
FR-HPAI(P)-2024-00006	*Département Loire Atlantique* — ASSERAC- N D33 D82 — HERBIGNAC- O ruisseau KEROUGAS *Département Morbihan* — CAMOEL	11.9.2024
Département Finistère:		
FR-HPAI(P)-2024-00007	— HANVEC- A l'Est de la D18 puis au Nord de la C1 puis à l'Est de la D42 jusqu'à la rivière Le Faou — SAINT ELOY- A l'Est de la D18 — SIZUN- Au Sud de la D18 jusqu'au croisement de la D30 et au Sud de la D30 jusqu'au chemin du comte — SAINT RIVOAL- A l'Est de la D30 jusqu'au croisement de la D42 et au Nord de la D42 — LOPREC- A l'Ouest de la D42	24.9.2024

An Ballstát: an Pholainn

Uimhir thagartha ADIS na ráige	Limistéar arb é atá ann:	An dáta a bheidh sé infheidhme go dtí, i gcomhréir le hAirteagal 39 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687
PL-HPAI(P)-2024-00026	1. w powiecie świebodzińskim: a. w gminie Świebodzin, miejscowości: Chociule, Lubogóra, Rudgerzowice, Świebodzin obręb 3, Lubinicko (część miejscowości leżąca na zachód od drogi 303 i dalej od drogi 1230F do przecięcia z drogą ekspresową S3) b. w gminie Skąpe, miejscowości: Ołobok, Łąkie, Radoszyn, Darnawa	14.9.2024

Cuid B

Criosanna faireachais sna Ballstáit lena mbaineann* dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe (a), agus Airteagal 3:

An Ballstát: an Fhrainc

Uimhir thagartha ADIS na ráige	Limistéar arb é atá ann:	An dáta a bheidh sé infheidhme go dtí, i gcomhréir le hAirteagal 55 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687
Département Ille-et-Vilaine:		
	— COMBOURG — LOURMAIS — MEILLAC - Au Nord de la départementale D974, du croisement de la Villée jusqu'au croisement de la départementale D81 et Secteur à l'Est de la départementale D81 jusqu'au Plessis Morgat puis secteur au Nord de la départementale D73 — BONNEMAIN - Secteur entre la route de la Maignerie, la départementale D9 et la route de la Buet	4.9.2024 - 12.9.2024
FR-HPAI(P)-2024-00005	— BAGUER-MORVAN — BONNEMAIN - Sauf la partie de la commune en zone de protection — LA BOUSSAC — BROUALAN — LA CHAPELLE-AUX-FILTZMÉENS — CUGUEN — DINGÉ — DOL-DE-BRETAGNE — EPINIAC — LANRIGAN — MEILLAC - Sauf la partie de la commune en zone de protection — NOYAL-SOUS-BAZOUGES — PLERGUER — PLEUGUENEUC — QUÉBRIAC — SAINT-DOMINEUC — SAINT-LÉGER-DES-PRÉS — MESNIL-ROC'H — TRÉMEHEUC — LE TRONCHET	12.9.2024
Départements Morbihan et Loire Atlantique:		
	Département Loire Atlantique — ASSERAC- N D33 D82 — HERBIGNAC – O ruisseau KEROUGAS *Département Morbihan* — CAMOEL	12.9.2024 - 20.9.2024
FR-HPAI(P)-2024-00006	*Département Loire Atlantique* — ASSERAC S D33 D82 — HARBIGNAC E ruisseau KEROUGAS — MESQUER- N D452 D52 — SAINT MOLF- N D48 jusqu'à ancienne cure puis N D52 et D33 *Département Morbihan* — ARZAL — BILLIERS	20.9.2024

Uimhir thagartha ADIS na ráige	Limistéar arb é atá ann:	An dáta a bheidh sé infheidhme go dtí, i gcomhréir le hAirteagal 55 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687
	— FEREL — Marzan, sud de la N165 — Muzillac, sud de la N165 — Nivillac, sud-ouest de la N165 — Pénestin — La Roche Bernard	
Département Finistère:		
FR-HPAI(P)-2024-00007	— HANVEC- A l'Est de la D18 puis au Nord de la C1 puis à l'Est de la D42 jusqu'à la rivière Le Faou — SAINT ELOY- A l'Est de la D18 — SIZUN- Au Sud de la D18 jusqu'au croisement de la D30 et au Sud de la D30 jusqu'au chemin du comte — SAINT RIVOAL- A l'Est de la D30 jusqu'au croisement de la D42 et au Nord de la D42 — LOPREC- A l'Ouest de la D42	25.9.2024 - 3.10.2024
	— HANVEC- Au Nord Est de la N165 — SAINT ELOY- Le reste de la commune non couverte par la ZP — SIZUN- Le reste de la commune non couverte par la ZP — SAINT RIVOAL- Le reste de la commune non couverte par la ZP — LOPEREC- Le reste de la commune non couverte par la ZP — LE TREHOU- Toute la commune — LE FAOU- Toute la commune — IRVILLAC- A l'Est de la D47 jusqu'à Irvillac puis à l'Est d'une ligne allant de Irvillac au lieu dit la croix de cleguer puis à l'Est de la route de Menez cleguer — TREFLEVENEZ- Au Sud Est d'une ligne allant du lieu dit Kerezellec au lieu dit Kerdidreux — LA MARTYRE- Au Sud Est de la ligne allant du lieu dit Moulin du Cann au lieu dit Rohel Coat — PLOUDIRY- Au Sud de la ligne allant du lieu dit Keramen Izella au lieu dit Saint Antoine jusqu'à la D30 — LOCMELAR- Au Sud de la ligne passant par les lieux dits Treonvel et Kernonnen — SAINT SAUVEUR- Au Sud de la rivière An Dour Kamm — COMMANA- A l'Ouest de la D11 — BRASPART- A l'Ouest de la ligne passant par les lieux dits Kerventurus, Pennallen, Oppidum, Pont Koad, Kerjean, Treofferd, Le Youdig — PONT DE BUIS LES QUIMERCH- Au Nord d'une ligne partant de l'antenne relais et passant par les lieux dits Chateau du Bot, Kerivin, Milin An Traon, Le Squiriou et Poulhy — ROSNOEN- Au Nord de la N165	3.10.2024

An Ballstát: an Ghearmáin

Uimhir thagartha ADIS na ráige	Limistéar arb é atá ann:	An dáta a bheidh sé infheidhme go dtí, i gcomhréir le hAirteagal 55 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687
Mecklenburg-Vorpommern:		
DE-HPAI(P)-2024-00011 DE-HPAI(P)-2024-00012	**Landkreis Rostock** Amt Tessin: — Stadt Tessin mit den Ortsteilen Neu Gramsdorf und Wolfsberger Mühle, — Gemeinde Gnewitz mit den Ortsteilen Gnewitz und Barkvieren, — Gemeinde Zarnewanz mit dem Ortsteilen Zarnewanz, Kleinhof und Stormstorf.	6.9.2024 - 14.9.2024
DE-HPAI(P)-2024-00011 DE-HPAI(P)-2024-00012	**Landkreis Rostock** Amt Tessin: — Gemeinde Cammin mit den Ortsteilen Prangendorf, Weitendorf und Wohrenstorf, — Gemeinde Gnewitz mit dem Ortsteil Neu Barkvieren, — Gemeinde Grammow mit den Ortseilen Alt Strassow, Neu Strassow, Grammow, Neuhof und Recknitzberg, — Gemeinde Nustrow mit dem Ortsteil Nustrow, — Gemeinde Selpin mit den Ortsteilen Vogelsang, Reddersdorf, Bärenberg, Woltow, Selpin und Drüsewitz, — Gemeinde Stubbendorf mit den Ortsteilen Stubbendorf und Ehmkendorf, — Stadt Tessin und den Ortsteilen Helmstorf, Vilz und Klein Tessin, — Gemeinde Thelkow mit den Ortsteilen Sophienhof, Thelkow, Kowalz, Liepen und Starkow, — Gemeinde Sanitz mit den Ortsteilen und OrtschaftenSanitz, Niekrenz, Groß Lüsewitz, Oberhof, Vietow, Wehnendorf, Ausbau Niekrenz, Neu Wendorf, Horst, Teutendorf, Klein Wehnendorf, Klein Freienholz, Wendorf, Reppelin, Wendfeld, Groß Freienholz, Gubkow und Hohen Gubkow. Amt Gnoien: — Gemeinde Behren Lübchin mit der Ortschaft Duckwitz, — Gemeinde Walkendorf mit den Ortschaften Repnitz und Basse. **Landkreis Vorpommern-Rügen** — Gemeinde Dettmannsdorf, — Gemeinde Lindholz mit dem Ortsteil Schabow, — Stadt Marlow mit den Ortsteilen Dänschenburg, Carlsruhe, Neu Steinhorst, Alt Steinhorst, Brunstorf, Fahrenhaupt, Schulenberg, Kneese.	14.9.2024

An Ballstát: an Pholainn

Uimhir thagartha ADIS na ráige	Limistéar arb é atá ann:	An dáta a bheidh sé infheidhme go dtí, i gcomhréir le hAirteagal 55 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687
PL-HPAI(P)-2024-00026	23. w powiecie świebodzińskim: a. w gminie Świebodzin, miejscowości: Chociule, Lubogóra, Rudgerzowice, Świebodzin obręb 3, Lubinicko (część miejscowości leżąca na zachód od drogi 303 i dalej od drogi 1230F do przecięcia z drogą ekspresową S3) b. b) w gminie Skąpe, miejscowości: Ołobok, Łąkie, Radoszyn, Darnawa	15.9.2024 - 23.9.2024
	23. w powiecie świebodzińskim: a. w gminie Skąpe, miejscowości: Niesulice, Rokitnica, Międzylesie, Skąpe, Pałck, Niekarzyn, Błonie b. w gminie Świebodzin, miejscowości: Borów, Wilkowo, Rozłogi, Świebodzin obręby 1, 2, 4, Ługów, Grodziszcze, Kupienino, Glińsk, Osogóra, Raków, Jeziory, Rosin, Podlesie, Kępsko, Rzeczyca (część miejscowości leżąca na południe od drogi 92 i dalej część miejscowości leżąca na południowy zachód od drogi 1218F do skrzyżowania drogi 92 z drogą 1202F), Rusinów (część miejscowości leżącą na południe od drogi 1219F), Lubinicko (część miejscowości na wschód od drogi 303 i dalej od drogi 1230F do przecięcia z drogą ekspresową S3) c. w gminie Szczaniec, miejscowości: Ojerzyce, Wolimirzyce, Kiełcze, Opalewo (zachodnia część miejscowości od granicy administracyjnej miejscowości Wolimirzyce do granicy administracyjnej z miejscowością Kiełcze), Smardzewo (część miejscowości na zachód od drogi 303 do skrzyżowania z drogą 1201F i dalej część miejscowości na zachód od drogi 1201F), d. w gminie Lubrza, miejscowości: Przełazy, Mostki, Lubrza (część miejscowości znajdująca się pomiędzy drogą 1242F i drogą prowadzącą do miejscowości Krzemionka) 2) w powiecie zielonogórskim, w gminie Sulechów miejscowości: Kalsk, Głogusz, Kije (część miejscowości na północ od drogi nr 277 do granic administracyjnych miejscowości i dalej drogą nr 277 na wschód do przecięcia z trasą S 3), Buków (miejscowości na zachód od drogi 1201F)	23.9.2024

An Ballstát: an Phortaingéil

Uimhir thagartha ADIS na ráige	Limistéar arb é atá ann:	An dáta a bheidh sé infheidhme go dtí, i gcomhréir le hAirteagal 55 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687
Viana do Castelo:		
PT-HPAI(NON-P)-2024-00008	The parts from the county of Viana do Castelo, from the district of Viana do Castelo, that are contained within circle of 3 kilometers radius, centered on GPS coordinates 41.637500N, -8.819083W	7.9.2024 - 15.9.2024
	The parts of from the county of Viana do Castelo, from the district of Viana do Castelo, and the parts of the counties of Barcelos and Esposende from the district of Braga, that are beyond the areas described in the protection zone, and are contained within circle of 10 kilometers radius, centered on GPS coordinates 41.637500N, -8.819083W	15.9.2024

Cuid C

Criosanna srianta breise sna Ballstáit lena mbaineann* dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe (b), agus Airteagal 4:

An Ballstát: Ceann ar bith

Limistéar arb é atá ann:	An dáta a bheidh na bearta infheidhme go dtí, i gcomhréir le hAirteagal 3a

* I gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 5(4) de Chreat Windsor (féach Dearbhú Comhpháirteach Uimh. 1/2023 ón Aontas agus ón Ríocht Aontaithe sa Chomhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach an 24 Márta 2023, IO L 102, 17.4.2023, lch. 87) i gcomhar le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an gCreat sin, chun críocha na hIarscríbhinne seo, baineann tagairtí don Bhallstát leis an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann.